# Candidate Information Booklet

Please read carefully

Tá sé ar intinn ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) comórtas earcaíochta oscailte a reáchtáil d'fhonn daoine ag a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha a mholadh don phost:

## Ainm an Chomórtais: Oifigeach Eolaíochta I (Leibhéal 3) Eolaí Aeráide

## Uimhir an Phoist: 000601

**Láthair: Cigireacht Réigiúnach EPA, Baile Átha Cliath & Ceanncheathrú EPA, Loch Garman Dáta Deiridh: 4.00pm ar Déardaoin 12 Feabhra 2026**

**Fostóir comhdeiseanna is ea an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus tá sí tiomanta do phrionsabail dea-chleachtais um earcaíocht.**

Engaging Enabling Empowering

| | |
|---|---|
| **Údarás Fostaíochta:** | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) |
| **Teideal an Phoist:** | Oifigeach Eolaíochta I (Leibhéal 3) Eolaí Aeráide |
| **Uimhir an Phoist:** | 000601 |
| **Scála Tuarastail:** | €74,701 go €90,100 (Ráta RPP) in aghaidh na bliana áirítear leis soláthar i gcomhair dhá Incrimint Fadseirbhíse tar éis trí agus sé bliana faoi seach ag uasmhéid an scála d'fhoireann bhuan. . (D'fhéadfadh scála mionathraithe a bheith i gceist do státseirbhísigh atá ann cheana) |
| **Saoire Bhliantúil:** | 27 lá agus í ag méadú go 30 lá tar éis cúig bliana seirbhíse |
| **Láthair:** | Cigireacht Réigiúnach EPA, Baile Átha Cliath & Ceanncheathrú EPA, Loch Garman. |
| **Faisnéis faoin bPainéal:** | Is é cuspóir an chomórtais seo painéal a chruthú chun folúntas láithreach a líonadh d'Oifigeach Eolaíochta I (Leibhéal 3) Eolaí Aeráide i gCigireacht Réigiúnach an EPA, Baile Átha Cliath. Féadfar an painéal a úsáid chun aon fholúntais amach anseo a líonadh a thiocfaidh chun cinn ag Oifigeach Eolaíochta I (Leibhéal 3) Eolaí Aeráide i gCigireacht Réigiúnach an EPA i mBaile Átha Cliath nó i gCeanncheathrú an EPA i Loch Garman. |

# Ár n-Eagraíocht

## Cé Muid?

Is comhlacht neamhspleách rialála í an GCC a bunaíodh in 1992. Tá sé mar chuspóir aici ár gcomhshaol a chosaint, a fheabhsú agus a athchóiriú trí rialáil, trí heolas eolaíochta agus trí hoibriú le daoine eile". Tá cúram fairsing ag an GCC maidir leis an gcomhshaol agus tá príomhról aici i rialáil chomhshaoil, i soláthar faisnéise agus i dtacú leis an gcomhshaol.

Tá tuilleadh eolais maidir leis an GCC ar fáil ar ár láithreán gréasáin www.epa.ie

## Cuid dár bhfoireann i mbun oibre:







# Na Príomhthairbhí a Bhaineann le hObair leis an GCC:

Beidh deis agat obair fhiúntach a dhéanamh a dhéanann difríocht agus a mbíonn tionchar aici ar ár sochaí agus ár ndaoine. Ní hamháin go bhfuil deiseanna spreagúla gairme againn i go leor disciplíní, tá tairbhí iontacha ag baint le bheith ag obair sa GCC. Seo thíos cuid de na tairbhí:

## Pacáiste tairbhí

Bíonn pacáiste cuimsitheach tairbhí ar fáil don fhoireann go léir. Cuimsítear leis sin deiseanna den scoth um dhul chun cinn gairme chomh maith le rátaí pá, sochair phinsin agus teidlíochtaí saoire bliantúla na hearnála poiblí. Freisin táirgeann muid seachtain oibre 35-uair an chloig lena n-áirítear uaireanta oibre solúbtha agus saoire sholúbtha don chuid is mó de na gráid. Breathnaigh ar na tairbhí sonracha don ról seo.

## Obair chumaisc

Leis an tsamhail oibre cumaisc ar ghlac an GCC léi tugtar deis dúinn todhchaí ár gcuid oibre a threorú agus a mhúnlú ar bhealach lena mbaintear lántairbhe as an mbealach nua oibre sin. Tá sé ar cheann de na roghanna oibre solúbtha atá againn agus laghdófar leis am taistil chun na hoibre, cuirfear le folláine agus cothromaíocht oibre is saoil a fheabhsú.

## Sláinte agus Folláine

Tugann an GCC tús áite do shláinte agus d’fholláine ár bhfoirne. Tuigimid anois níos mó ná riamh an tábhacht a bhaineann le haire a thabhairt dár meabhairshláinte agus dár sláinte fhisiceach agus dár bhfolláine i gcoitinne. Tá Grúpa Folláine againn, grúpa gníomhach a eagraíonn imeachtaí agus tionscnaimh dhearfacha chun cabhrú linn fanacht folláin agus cultúr oscailte agus tacúil a chruthú do chách.

## Forbairt Ghairmiúil Leantach

Féadann ár bhfoireann leas a bhaint as deiseanna den scoth um fhoghlaim agus fhorbairt leantach agus táimid go hiomlán tiomanta ar son forbartha gairmiúla leantaí. Cuirimid go leor deiseanna ar fáil chun foghlaim ar an láthair oibre a fhorbairt trí phlé le foirne ildisciplíneacha ar fud na heagraíochta agus trí hoiliúint fhoirmiúil fhlaithiúil, idir oiliúint inmheánach agus sheachtrach. Áirítear lenár gcuid scéimeanna breisoideachais cúnamh airgeadais le haghaidh céimeanna, dioplómaí, agus céimeanna máistreachta chun cabhrú leat le do ghairm a fhorbairt.

## Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (CÉI)

Táimid tiomanta ar son timpeallacht a chruthú ina chothaítear comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú. Tá ár bhfórsa oibre déanta suas de raon leathan fostaithe ag a bhfuil cúlraí, cúinsí agus scileanna éagsúla, agus is mór an cúnamh dúinn iad. Trínar bpolasaí CÉI agus ár gcuid luachanna agus iompraíochta lárnaí leanaimid orainn ag léiriú caighdeáin arda maidir leis an gcaoi a dtarraingímid, a bhforbraímid agus a gcoinnímid baill foirne chun gealltanas, folláine agus feidhmíocht ár bhfórsa oibre a chinntiú.

# An ról agus conas iarratas a dhéanamh air

## Forléargas ar an Ról:

Tá an EPA ag earcú do phost Oifigeach Eolaíochta I (Leibhéal 3) Eolaí Aeráide. Líonfar an folúntas láithreach i gCigireacht Réigiúnach an EPA i mBaile Átha Cliath. Cruthófar painéal ón gcomórtas seo, as a bhféadfar folúntais amach anseo d'Eolaí Aeráide Oifigeach Eolaíochta I (Leibhéal 3) san EPA nó i Rúnaíocht na Comhairle Comhairleach um Athrú Aeráide (CCAC) a líonadh, i gCigireacht Réigiúnach an EPA i mBaile Átha Cliath nó i gCeanncheathrú an EPA i Loch Garman.

Cuirfidh róil a líonfar as seo saineolas, anailís agus léargas ar fáil ar an athrú aeráide agus ar róil agus freagraí na hÉireann ar a dhúshláin. Áirítear leis seo breithniú ar thiománaithe agus ar éifeachtaí an athraithe aeráide, agus cur síos orthu seo, chomh maith leis na roghanna chun aghaidh a thabhairt orthu agus freagairtí dóibh i gcomhthéacs beartas agus gníomhartha náisiúnta réigiúnacha agus domhanda maidir le hathrú aeráide.

Beidh ról anailíse agus bainistíochta ag iarrthóirí mar chuid d'fhoireann ildisciplíneach saineolaithe i réimsí na n-eolaíochtaí atmaisféaracha agus aeráide, astaíochtaí agus bainte gás ceaptha teasa agus róil fórsóirí aeráide gearrshaolacha agus anailís ar fhreagairtí beartais.

Tá an folúntas láithreach i bhFoireann na hEolaíochta Aeráide, atá mar chuid de Chlár Athrú Aeráide an EPA laistigh den Oifig Fianaise agus Measúnaithe. Is é cuspóir an Chláir 'an t-aistriú chuig neodracht agus athléimneacht aeráide a thiomáint tríd ár gcuid oibre fianaise agus rannpháirtíochta'. Chomh maith leis an bhfoireann seo, clúdaíonn an Clár na réimsí seo a leanas: Staitisticí Astaíochtaí (Gáis Cheaptha Teasa agus Truailleáin Aeir), Eolaíocht agus Beartas Aeráide, agus córas Trádála Astaíochtaí an AE agus Sásra Coigeartaithe Teorann Carbóin.

Is é cuspóir an róil forbairt léargais, measúnuithe agus anailíse láidre, bunaithe ar fhianaise ar shaincheisteanna tosaíochta a bhaineann leis an athrú aeráide a threorú agus a thacú. Beidh ról lárnach ag an obair seo chun an EPA a chumasú chun an dioscúrsa náisiúnta ar eolaíocht agus ar fhreagairtí beartais maidir le hathrú aeráide a chur ar an eolas agus a thacú. Díreoidh sé seo ar neodracht aeráide a bhaint amach, athléimneacht aeráide a chur ar an eolas agus bainistíocht aistrithe agus claochluithe bunaithe ar eolaíochtaí bunúsacha agus beartais agus bearta gaolmhara atá bunaithe ar eolaíocht ó fhoinsí náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear an IPCC.

Bíonn an Clár ag plé go réamhghníomhach le comhpháirtithe, lena n-áirítear ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit, agus na pobail acadúla agus taighde in Éirinn, san Eoraip agus go hidirnáisiúnta, agus forbróidh sé anailís agus scaipfidh sé aschur agus torthaí.

Tacaíonn Rúnaíocht na Comhairle Comhairle um Athrú Aeráide le hobair na Comhairle ar fud raon dá feidhmeanna reachtúla. Áirítear leis seo comhairle neamhspleách a sholáthar bunaithe ar fhianaise eolaíoch don Rialtas maidir le buiséid charbóin agus maolú agus oiriúnú don athrú aeráide ar fud gach earnáil ábhartha den gheilleagar. Dhíreodh iarrthóirí rathúla a cheapfar chuig an Rúnaíocht go sonrach ar fhianaise a bhailiú ó litríocht, ó shonraí agus ó

thuairiscí atá ar fáil go poiblí, agus ó thaighde a fuarthas go díreach ar fud líon ar leith earnálacha san gheilleagar agus é seo a chur i láthair na Comhairle lena úsáid ina hathbhreithnithe agus i gcumarsáid eile.

Beidh an t-iarrthóir rathúil ag obair i bhfoirne ardfheidhmíochta i dtimpeallacht thapa, ilghnéitheach agus dhinimiciúil ag comhlíonadh oibleagáidí reachtúla an EPA agus an CCAC de réir an chaighdeáin is airde. Beidh na daoine ina mbaill luachmhara de fhoirne saineolaithe anailíseacha agus teicniúla ó eolaíocht, innealtóireacht, staitisticí agus anailís sonraí nó cúlraí teicniúla comhchosúla.

Socruithe Tuairiscithe: Sannfar ról teicniúil don cheapaí a thuairiscíonn don Oifigeach Eolaíochta Sinsearach nó d’oifigeach ainmnithe eile agus beidh sé/sí mar chuid d’fhoireann ildisciplíneach.

## Áireofar ar na príomhfhreagrachtaí:

- Tacú le measúnuithe ar eolaíocht atá ag teacht chun cinn a bhaineann le hathrú aeráide agus beartas aeráide chun anailís EPA a threorú agus a thacú (lena n-áirítear anailís thrasghearrthach agus tras-earnála);
- Tacú le sintéis agus anailís sonraí ó fhoinsí éagsúla beartais agus tionscnaimh aeráide náisiúnta, AE, NA & idirnáisiúnta eile;
- Páirt a ghlacadh i dtionscadail taighde, tionscnaimh agus próisis mheasúnaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear iad siúd atá á gcur chun cinn ag JPI Climate agus an IPCC;
- Oibriú le comhlachtaí agus struchtúir AE agus NA de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear bonneagair taighde agus breathnóireachta amhail GCOS, ICOS ERIC agus UNECE EMEP;
- Ceannaireacht a dhéanamh ar ullmhú eolas, páipéar agus foilseachán ar shaincheisteanna reatha agus atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear nuashonruithe bliantúla ar phríomhtháscairí;
- Eolaíocht, eolas agus dea-chleachtas a chur in iúl lena gcur i bhfeidhm i gcomhthéacs na hÉireann do Ranna Rialtais agus do gheallsealbhóirí náisiúnta eile chun tacú leis an ngníomhaíocht aeráide náisiúnta agus earnála;
- Dul i mbun oibre go réamhghníomhach le geallsealbhóirí lena n-áirítear an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus Ranna Rialtais eile, an CSO, SEAI, ESRI, Foras na Mara, Met Éireann agus Teagasc;
- D’fhéadfadh go mbeadh gá le taisteal chuig tíortha AE agus tíortha idirnáisiúnta mar chuid den phost seo;
- Dul i mbun oibre de réir mar is iomchuí leis an gCoimisiún Eorpach, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, leis an Ionad Comhpháirteach Taighde CE, le Copernicus agus le ESA agus tacú le rannpháirtíocht náisiúnta i gcomhlachtaí ábhartha de chuid na Náisiún Aontaithe e.g. UNFCCC agus UNECE;
- Dul i mbun oibre go réamhghníomhach agus comhoibriú le foirne ar fud Chlár Athrú Aeráide an EPA agus an EPA níos leithne chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar thuairisciú na heolaíochta aeráide náisiúnta.

## D’fhéadfadh na dualgais ghinearálta seo a leanas a bheith i gceist:

- Cláir oibre bliantúla a fhorbairt agus a sheachadadh, lena n-áirítear monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar fheidhmíocht; bainistíocht foirne agus conraitheoirí; ullmhú, bainistíocht agus rialú buiséid;
- Tuiscint shoiléir a fhorbairt agus a chothabháil ar reachtaíocht agus ar bheartas ábhartha (náisiúnta agus idirnáisiúnta);
- Dualgais eile ar bith a shanntar ó am go ham a dhéanamh.

## Bunriachtanais:

Ní mór d’iarrthóirí na nithe seo a leanas a bheith acu faoin **Déardaoin 12 Feabhra 2026**, tráth nach déanaí ná 4pm:

1. Céim chuí (Leibhéal 8 den Cháilíocht Náisiúnta Cáilíochtaí) i ndisciplín ábhartha eolaíochta nó innealtóireachta (e.g., eolaíocht aeráide, cré nó comhshaoil, ceimic, fisic, tíreolaíocht, geolaíocht, aigéaneolaíocht, meitéareolaíocht, éiceolaíocht) nó taithí choibhéiseach san eolaíocht nó i bpróisis bheartais eolaíochta.

2. Cúig bliana ar a laghad de thaithí oibre ábhartha, lena n-áirítear taithí shuntasach i gceann amháin ar a laghad de na réimsí seo a leanas:
   - Eolaíochtaí an domhain agus/nó an chórais aeráide;
   - Anailís/beartas athraithe aeráide;
   - Forbairt agus anailís ar chásanna aeráide.

3. Taifead ceannaireachta léirithe lena n-áirítear tosaíocht a thabhairt do chuspóirí agus iad a bhaint amach, pleanáil agus eagrú acmhainní, foireann a spreagadh chun spriocanna comónta a bhaint amach, agus cultúr a chruthú a luachálann obair foirne agus comhoibriú.

4. Scileanna cumarsáide láidre scríofa agus labhartha le taithí ar idirghníomhú le réimse leathan geallsealbhóirí chun teachtaireachtaí casta a chur in iúl i mBéarla simplí.

5. Ceadúnas Tiomána - Ba chóir go mbeadh ceadúnas bailí iomlán Éireannach/AE ag iarratasóirí ar dháta an iarratais, le haghaidh feithiclí Aicme B, nó ceadúnas atá inghlactha ag NDLS le haghaidh aistrithe go ceadúnas iomlán Éireannach. (https://www.ndls.ie/help/faq.html#exchange-of-foreign-driving-licences)

### Incháilitheacht don Chomórtas agus Srianta Áirithe ar Incháilitheacht

Ní mór go mbeadh iarrthóirí incháilithe:

(a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Is iad na Ballstáit den Aontas Eorpach, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua atá sa LEE; nó

(b) Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó

(c) Saoránach den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó

(d) Saoránach neamh-LEE atá ina chéile nó ina leanbh de shaoránach LEE nó RA nó Eilvéiseach agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó
(e) Duine ar bronnadh cosaint idirnáisiúnta air/uirthi faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó
(f) Saoránach neamh-LEE atá ina thuismitheoir ar leanbh cleithiúnach atá ina shaoránach de bhallstát LEE nó den RA nó den Eilvéis, agus ina chónaí ann, agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici.

Bainfidh an GCC úsáid as na critéir riachtanacha chun iarrthóirí a chur ar ghearrliosta agus beidh scóráil bunaithe ar an bhfaisnéis a bheidh san fhoirm iarratais don ról mar **Oifigeach Eolaíochta I (Leibhéal 3) Eolaí Aeráide.**

Ní mór d'iarrthóirí a chruthú, trí thagairt d'éachtaí sonracha ina ngairm go dtí seo, go bhfuil na cáilíochtaí, na scileanna agus an t-eolas acu a theastaíonn don ról mar **Oifigeach Eolaíochta I (Leibhéal 3) Eolaí Aeráide** mar atá aitheanta sna 'Riachtanais bhunriachtanacha'.

Tionólfaidh an GCC bord saineolaithe chun na céimeanna iomaíocha den phróiseas roghnúcháin a chur i gcrích de réir an chaighdeáin is airde den dea-chleachtas.

I dteannta leis na riachtanais sonracha atá leagtha amach thuas, ní mór go mbeadh iarrthóirí in ann, tráth an agallaimh **a léiriú** go bhfuil na hinniúlachtaí riachtanacha acu atá aitheanta um fheidhmíocht éifeachtach mar atá leagtha amach in Aguisín A:

**Inniúlachtaí Riachtanacha**

- Imreoir Foirne agus Ceannaireacht
- Béim ar Chustaiméirí agus Pháirtithe Leasmhara
- Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide
- Torthaí a Bhainistiú agus a Sheachadadh
- Anailís agus Cinnteoireacht
- Saineolas agus Féinfhorbairt

Tá tuilleadh faisnéise maidir leis na hinniúlachtaí le fáil in **Aguisín A**.

## Conas iarratas a dhéanamh:

Tá na Foirimeacha Iarratais agus Leabhráin Eolais d'Iarrthóirí ar fáil ón rannán gairmeacha ar láithreán gréasáin an GCC www.epa.ie.

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach bhfuil litreacha clúdaigh nó CVanna ag teastáil agus nár chóir iad a chur isteach. Ní ghlacfar ach le hiarratais a chuirfí isteach ar ríomhphost ar fhoirm oifigiúil iarratais na GCC don chomórtas seo. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta deiridh agus ní bheidh iarratais dhéanacha incháilithe lena gcur san áireamh. Mar sin de, ort féin atá an fhreagracht a chinntiú go bhfágfaidh tú go leor ama chun go bhfaighfear d'iarratas. Ní mór d'iarrthóirí a chinntiú go gcoimeádfaidís cóip den ríomhphost a sheolann siad, an dáta agus an t-am san áireamh, sa chás go n-éireodh aon cheist faoi. Tá cosc ar stocaireacht.

**Tabhair faoi deara:** Is é an Dáta Deiridh d'Iarratais ná **4.00pm ar Déardaoin 12 Feabhra 2026:**

---

**Treoracha Ríomhphoist chun d'Fhoirm Iarratais a Chur Isteach:**
Ba chóir an gnás ainmniúcháin seo a leanas a úsáid mar theideal **ábhair do ríomhphoist**:

- Uimhir an Phoist agus Ainm an Phoist: e.g. 000601 Oifigeach Eolaíochta I (Leibhéal 3) Eolaí Aeráide.
  Ba chóir go mbeadh d'fhoirm iarratais **ceangailte** le do ríomhphost agus úsáid á baint as an ngnás ainmniúcháin seo a leanas:
  - Uimhir an phoist agus ainm an iarratasóra: e.g. 000601 Mary Smith
  - Is féidir síniú clóscríofa a úsáid.

**Tabhair faoi deara:** Ní mór foirmeacha iarratais a chomhlánú agus a sheoladh chuig **recruitment@epa.ie**.
Glacfar le hiarratais leictreonacha i Microsoft Word nó i bhformáid comhaid PDF atá inléite. Is é atá i gceist le formáid comhaid PDF ná go bhfuil doiciméad Microsoft Word tiontaithe go doiciméad PDF, agus úsáid á baint as an bhfeidhm 'Sábháilte mar (Saved as)' in Word agus an cineál comhaid a roghnú mar 'pdf'. Ba chóir go mbeadh an téacs PDF le feiceáil ar an scáileán sa treoshuíomh ceart.

---

**Iarrthóirí faoi Mhíchumas**
Fostóir comhdheiseanna iad an GCC agus cuireann siad fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí faoi mhíchumas. Maidir le hiarrthóir ar bith a bhfuil cóiríocht ar bith ag teastáil uathu le haghaidh agallaimh nó gnéithe eile den phróiseas roghnúcháin ba cheart dóibh fógra a thabhairt dúinn ag recruitment@epa.ie ionas gur féidir socruithe cuí a dhéanamh. Coinneofar faoi rún aon fhaisnéis a nochtfar.

---

**Faisnéis Roghnúcháin**
Bainfidh an GCC úsáid as an bhfaisnéis san fhoirm iarratais chun iarrthóirí a chur ar ghearrliosta agus beidh scóráil bunaithe ar an bhfaisnéis atá san fhoirm iarratais le haghaidh an róil mar **Oifigeach Eolaíochta I (Leibhéal 3) Eolaí Aeráide.** Ní mór d'iarrthóirí a léiriú, trí thagairt d'éachtaí sonracha ina ngairm go dtí seo, go bhfuil na cáilíochtaí, na scileanna agus an t-eolas acu atá ag teastáil don ról.

Tionólfaidh an GCC bord saineolaithe chun na céimeanna iomaíocha den phróiseas roghnúcháin a chur i gcrích de réir an chaighdeáin is airde den dea-chleachtas. Is dócha go reáchtálfar agallaimh go pearsanta nó go fíorúil i mí an Mhárta 2026.

Chun níos mó eolais a fháil maidir leis an bpróiseas roghnúcháin, iarrtar ort féachaint ar **Aguisín B.**

### Fógra Tábhachtach

Léiríonn an méid thuas príomhchoinníollacha na seirbhíse agus níl i gceist leis go mbeidh sé ina liosta cuimsitheach de na téarmaí agus na coinníollacha go léir a bhainfidh leis an bhfostaíocht mar a leagfar amach iad sa chonradh fostaíochta a aontófar leis an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi.

### Príobháideacht agus Saoráil Faisnéise

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, déileálfar go huile is go hiomlán faoi rún le hiarratais. Déileáiltear go hiomlán faoi rún le gach fiosrú, iarratas agus gné de na himeachtaí agus ní nochtar do dhuine ar bith iad, seachas iad siúd ag a bhfuil baint dhíreach leis an ngné sin den phróiseas. Féadfar faisnéis phearsanta arna soláthar ag iarratasóirí a stóráil ar bhealach leictreonach e.g. i mbunachar sonraí, le húsáid chun críocha d’iarrthóireacht a phróiseáil amháin agus i gcás go n-éireodh leat, coinneoidh Foireann AD an GCC iad chun críocha fostaíochta. Baintear píosaí áirithe faisnéise, nach mbaineann go sonrach le haon duine ar leith, as taifid ríomhaire chun críocha ginearálta staidrimh. Comhlíonfar go hiomlán forálacha an Achta um Chosaint Sonraí 1988 - 2018. Coimeádtar taifid iarrthóirí go leictreonach ar feadh tréimhse bliana.

# Tuarastal agus Tairbhí

## Luach Saothair:

**Scála Tuarastail:** *€74,701 go €91,100 (Ráta RPP) in aghaidh na bliana áirítear leis soláthar i gcomhair dhá Incrimint Fadseirbhíse tar éis trí agus sé bliana faoi seach ag uasmhéid an scála d'fhoireann bhuan.
*(D'fhéadfadh scála mionathraithe a bheith i gceist do státseirbhísigh atá ann cheana)

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go mbeidh ceapacháin nua ag bun an scála agus nach mbeidh ráta an luacha saothair le plé agus go bhféadfaí é a athrú ó am go chéile de réir pholasaí íocaíochta an Rialtais. Féadfar incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha tar éis trí bliana (IFS-1) agus sé (IFS-2) bliana de sheirbhís shásúil ag uasmhéid an scála.

Is gnách go mbronntar incrimintí go bliantúil de réir feidhmíochta sásúla; féadfar íocaíocht incrimintí agus nó ráta na híocaíochta a choigeartú ó am go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais.

**Tabhair faoi deara:** Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfadh go mbeadh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha difriúla tuarastail más amhlaidh, díreach roimh a gceapachán, go bhfuil/go raibh an t-iarrthóir ina státseirbhíseach nó ina bhfostaí seirbheála sa tseirbhís phoiblí.

### Saoire Bhliantúil

27 lá a théann i méid go 30 lá tar éis 5 bliana in aghaidh na bliana.

### Tréimhse oifige

Beidh téarma an cheapacháin don ról buan agus inphinsin. Beidh ar an gceapaí tréimhse phromhaidh dhá mhí déag a dhéanamh. Más amhlaidh, uair ar bith le linn na tréimhse promhaidh sin, gur cosúil nach mbeadh an té atá ceaptha oiriúnach don cheapachán deireanach, cuirfear deireadh leis an tréimhse phromhaidh.

### Uaireanta Freastail

Socrófar na huaireanta freastail ag an obair ó am go chéile ag an GCC agus beidh siad comhionann le glanmhéid de 35 uair an chloig in aghaidh na seachtaine. Beidh na gnáth-uaireanta oibre 9.00 a.m. go 5.00 p.m. agus íosmhéid 30 nóiméad don lón ann. Oibríonn an GCC ar scéim d'uaireanta oibre solúbtha.

### Polasaí Oibre Cumaisc

Tá an obair chumaisc mar chuid de ghealltanas an GCC chun bheith mar fhostóir a dtugtar tosaíocht di, agus tacaíonn sí le cumas an eagraíocht fostaithe ar ardchaighdeán a choinneáil agus a mhealladh.
Tá samhail oibre cumaisc ag an GCC. Bíonn teidlíocht chun oibre cumaisc éagsúil ag brath ar ról an bhaill foirne.

Tá tuilleadh eolais faoi shamhail oibre cumaisc an GCC ar fáil ach é a iarraidh.

## Taisteal Gnó

Nuair atáthar as láthair ón áit oibre i mbun dualgais íocfar speansais taistil agus liúntais chothabhála chuí faoi réir ghnáthrialachán na Roinne Caiteachais agus Athchóirithe.

## Saoire Bhreoiteachta

Beidh íocaíocht i bhfeidhm ar bhonn pro-rata de réir fhorálacha Scéim na Seirbhíse Poiblí um Shaoire Bhreoiteachta, le linn saoire bhreoiteachta le teastas, a fhad is nach bhfuil aon fhianaise ann de mhíchumas buan a chuirfí isteach ar an tseirbhís.

## Aosliúntas agus Scor

Tairgfear na téarmaí agus na coinníollacha maidir le haoisliúntas don iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi mar a bheidh sa Státseirbhís ag am tairisceana an cheapacháin. Ar bhonn ginearálta, táirgfear ceapachán do cheapaí nár oibrigh sa tSeirbhís Phoiblí riamh bunaithe ar bhallraíocht sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"). Tá sonraí iomlána faoin scéim ar fáil ag www.singlepensionscheme.gov.ie.

I gcás go raibh an té atá ceaptha ag obair i bpost inphinsin (téarmaí na scéime nach scéim aonair í) sna 26 seachtain roimh a gceapachán nó go bhfuil siad ar sos gairme nó ar saoire speisialta faoi láthair le/gan phá d'fhéadfadh go mbeadh téarmaí difriúla i gceist. Deimhneofar cearta pinsin na gceapaithe den chineál sin i gcomhthéacs a stair fhostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

## Dearbhú

Iarrfar ar iarrthóirí a fhógairt má bhain siad leas as Scéim Seirbhíse Poiblí maidir le luathscór dreasaithe roimhe seo. Iarrfar ar iarrthóirí freisin aon teidlíocht a fhógairt maidir le haon sochar pinsin de chuid na Seirbhíse Poiblí (arna íoc nó arna chosaint) ó aon fhostaíocht eile sa tSeirbhís Phoiblí agus/nó an bhfuarthas íocaíocht in ionad maidir le haon fhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí.

## Laghdú Pinsin

Má bhí an té ata ceaptha fostaithe sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo agus má tá an duine sin atá ceaptha i dteideal nó ag fáil pinsin ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó i gcás go dtosaítear ar phinsean Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí le linn athfhostú an té ata ceaptha beidh an pinsean sin faoi réir laghdaithe i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012.

Tabhair faoi deara, le do thoil: Agus iarratas á dhéanamh agat ar an bpost seo, admhaíonn tú go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha laghdaithe, i gcás gurb ábhartha. Ní shamhlaítear go dtacóidh an Comhlacht fostaithe le hiarratas ar tharscaoileadh laghdaithe i dtaobh ceapachán chuig an bpost seo.

# Aguisín A

## Level 4 Competencies — Effective Performance Indicators

| | |
|---|---|
| Team Player & Leadership | Works with the Team to achieve high performance and addresses any performance issues that may arise. |
| | Deals with tensions/conflict within the team in a constructive manner. |
| | Acknowledges the contribution of others and ensures that the recognition for achievements is shared. |
| | Encourages a supportive and collaborative approach in dealing with work. |
| | Respects diversity and encourages the contributions of all team members. |
| Customer & Stakeholder Focus | Provides timely and individually tailored information to meet the needs of our customers and stakeholders. |
| | Proactively meets the needs of individual customers and stakeholders and looks for ways to add value beyond the immediate request/s. |
| | Continually strives to improve customer's and stakeholders' experience and considers alternate solutions including researching best practice. |
| | Deals with difficult customer's and stakeholders' issues and is committed to finding an appropriate solution. |
| | Demonstrates sensitivity and understands the customer's perspective. |
| | Represents the organisation at relevant customers and stakeholders events and forums. |
| Interpersonal & Communication Skills | Communicates using appropriate styles, methods and timing, to maximise understanding and impact. |
| | Communicates clearly, confidently and effectively to colleagues and customers/stakeholders in a way that is readily understood. |
| | Acts as an effective link between staff and management. |
| | Influences and gains buy in by outlining the relevant information and evidence to achieve good outcomes. |
| | Produces clear and concise, high quality written reports, documents and correspondence. |
| | Collaborates and supports colleagues to achieve EPA goals. |

## Level 4 Competencies — Effective Performance Indicators

| | |
|---|---|
| Management & Delivery of Results | Takes responsibility for delivering expected outcomes on time and to standard (own and team). |
| | Puts plans in place and re-assesses workloads and priorities if situations change or people are facing conflicting demands. |
| | Monitors and develops quality of service delivery within team. |
| | Applies relevant risk management processes. |
| | Adopts an innovative approach to delivering our work programme. |
| | Understands the impact of change on self and team and acts positively to implement change initiatives. |
| | Works collaboratively to achieve results. |
| Analysis & Decision Making | Gathers, analyses and interprets information/ data to make decisions. |
| | Uses trends/patterns across different sources of information to make sound decisions. |
| | Can absorb and consider large amounts of information in order to make decisions. |
| | Finds a balance between being thorough and making a timely decision. |
| | Recognises scope of own authority for decision making and empowers team members to make decisions. |
| Specialist Knowledge/ Expertise & Self Development | Develops the expertise necessary to carry out the role to a high standard and shares this with others. |
| | Keeps up to date with current developments that may directly impact their work. |
| | Proactively manage own career and identify learning needs including engaging with and applying learning opportunities. |
| | Sets challenging performance goals for self and others to support development. |

Aguisín B

# Tuilleadh Eolais faoi Phróiseas Roghnúcháin an GCC:

**Iarratas:**

Tá na Foirimeacha Iarratais agus Leabhráin Eolais d'Iarrthóirí ar fáil ón rannán gairmeacha ar láithreán gréasáin an GCC www.epa.ie. Ní mór foirmeacha iarratais a chomhlánú agus a sheoladh chuig recruitment@epa.ie.

Ní ghlacfar ach le hiarratais a chuirfí isteach ar ríomhphost ar fhoirm oifigiúil iarratais na GCC don chomórtas seo. Ní phléifear le hiarratais a sheoltar chuig seoltaí ríomhphoist eile. Tabhair faoi deara, le do thoil, nach bhfuil litreacha clúdaigh nó CVanna ag teastáil agus nár chóir iad a chur isteach. Tá cosc ar stocaireacht.

**Tabhair faoi deara, le do thoil:**

Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta deiridh agus ní bheidh iarratais dhéanacha incháilithe lena gcur san áireamh. Mar sin de, ort féin atá an fhreagracht a chinntiú go bhfágfaidh tú go leor ama chun go bhfaighfear d'iarratas. Ní mór d'iarrthóirí a chinntiú go gcoinníonn siad cóip den ríomhphost a seoladh lena n-áirítear an dáta agus an t-am i gcás fiosrú ar bith.

Is gnách go n-eisítear ríomhphost admhála maidir le gach iarratas a fhaightear (chun críche a admháil go bhfuarthas an t-iarratas amháin, ní dheimhníonn sé cáilitheacht an iarrthóra nó a mhalairt). Mura bhfaigheann iarratasóir ríomhphost admhála laistigh de 2 lá oibre ón dáta seolta, ba cheart don iarratasóir dul i dteagmháil le recruitment@epa.ie lena chinntiú go bhfuarthas an t-iarratas.

Ní ghlacann an GCC freagracht ar bith as aon chomhfhreagras nár imigh an Iarrthóir i mbun rochtana air nó nach bhfuair an tIarrthóir. Eiseofar fógra chun bheith i láthair ag agallamh seachtain amháin ar a laghad roimh ré. Ní bheidh aon iarrthóir nach bhfreastalaíonn ar agallamh ag an am agus san áit is gá san áireamh a thuilleadh agus measfar go bhfuil a n-iarrthóireacht tarraingthe siar.

Ní ghlacfaidh an GCC aon fhreagracht as aon chostais, lena n-áirítear costais taistil, a d'fhéadfadh bheith ar iarrthóir maidir leis an gcomórtas seo.

Ní mór go gcuirfidh iarrthóirí faisnéis shásúil doiciméid ar fáil maidir le haon cháilíocht a mhaífear, arna iarraidh sin. D'fhéadfaí go ndícháileofaí iarrthóirí ón gcomórtas agus/nó go gcuirfí deireadh lena gconradh mura gcuirfidh siad faisnéis doiciméid den chineál sin ar fáil nuair a iarrfar orthu í. Mar sin de, moltar duit na doiciméid sin bheith ar fáil duit agus d'iarratas á dhéanamh agat.

Más rud é go ndiúltaíonn an té a mholfaí don cheapachán, nó má ghlacann siad leis agus ansin go scarann leis, is féidir leis an GCC, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh don cheapachán de bhun thorthaí an phróiseas roghnúcháin seo.

## Gearrliostú

Is gnách go sáraíonn líon na n-iarratasóirí an líon a theastaíonn chun folúntais don phost sin faoi láthair agus sa todhchaí a líonadh. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh an GCC cinneadh a dhéanamh cuireadh a thabhairt do líon níos lú daoine teacht chun agallaimh, cé go bhféadfá na riachtanais incháilitheachta don chomórtas a chomhlíonadh, dá mbeadh líon na n-iarrthóirí chomh mór sin nach mbeadh sé indéanta gach duine a chur faoi agallamh. Gabhfaidh an GCC do phróiseas gearrliostaithe chun grúpa a roghnú ar cosúil, ar bhonn iniúchta ar na foirmeacha iarratais, gurb iad siúd is oiriúnaí don ról. *Ní thugtar le tuiscint leis sin maidir le hiarrthóirí eile go bhfuil siad mí-oiriúnach, nó nach bhfuil siad in ann don phost, ach seachas sin gurb ann do roinnt iarrthóirí a léirigh níos fearr a gcuid cáilíochtaí, an taithí agus/nó na critéir ábhartha.*

Déanfaidh bord de shaineolaithe iniúchadh ar na foirmeacha iarratais de réir critéir a chinntear roimhe ré bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin is ar mhaithe le do leas féin é cuntas sonrach agus cruinn a thabhairt ar do chuid cáilíochtaí/ do thaithí i d'iarratas agus do chumas a léiriú go hiomlán chun an ról atá leagtha amach a chomhlíonadh.

## Agallaimh

Céim deiridh an phróisis roghnúcháin ná agallamh inniúlachta. Ceapfaidh an GCC Bord Agallaimh chun na hagallaimh a reáchtáil. Beidh an t-agallamh bunaithe ar phríomhinniúlachtaí na GCC agus ar na riachtanais theicniúla don ról. I gcás iarrthóirí a dtugtar cuireadh dóibh chun agallaimh ba cheart dóibh cur amach a fháil ar chreat inniúlachtaí an GCC don **Leibhéal 3**. Tá cur síos ar na hinniúlachtaí leagtha amach in Aguisín A.

## Ceapadh ó Phainéal

Tríd an gcomórtas seo, bunóidh an GCC painéal de na hiarrthóirí rathúla in ord fiúntais. Rachaidh an painéal in éag tar éis tréimhse shocraithe i ndiaidh a bhunaithe (de ghnáth dhá mhí déag) nó tar éis a ídithe, cibé acu is luaithe. Ní hionann cáiliú agus a bheith curtha ar phainéal agus dearbhú go bhfuiltear ceaptha don phost sin. I gcás iarrthóirí nach gceaptar nuair a imíonn an painéal in éag, ní bheidh aon cheart acu ar phost ina dhiaidh sin, de bharr iad a bheith ar an bpainéal go dtí sin.

## Tagairtí

Sula ndeimhneofar ceapachán, déanfaidh an GCC gach fiosrúchán a mheastar a bhfuil gá leo a dhéanamh chun oiriúnacht iarrthóra a chinneadh. Ní rachaidh an GCC i dteagmháil leis na moltóirí a chuirtear ar fáil i d'iarratas ach amháin má tá tú san áireamh i ndiaidh chéim an agallaimh. Tabhair faoi deara, le do thoil, dá n-éireodh leat ag an agallamh deiridh, go mbeidh

teistiméireacht ag teastáil uainn ó d'fhostóir reatha sula ndeimhnítear an ceapachán. Iarrfar ar iarrthóirí a n-éireoidh leo roinnt próiseas imréitigh a chomhlíonadh amhail dearbhú sláinte nó scrúdú leighis agus aon scrúdú ábhartha eile a bheidh ag teastáil maidir leis an ról áirithe. Coimeádtar taifid go leictreonach ar feadh tréimhse aon bhliana.

## Oibleagáidí an Iarrthóra

Caithfidh iarrthóirí:

- An t-eolas agus an cumas a bheith acu chun dualgais an phoist atá i gceist a chomhlíonadh;
- Bheith oiriúnach ó thaobh carachtair de;
- Bheith oiriúnach ar gach bealach ábhartha eile um cheapadh chuig an bpost atá i gceist.

  agus dá n-éireodh leo, ní cheapfar chuig an bpost iad:
- Aontú chun gabháil do na dualgais atá bainteach leis an bpost agus glacadh leis na coinníollacha faoina éilítear na dualgais a chomhlíonadh nó faoina bhféadfaí go n-éileofaí sin;
- Mura mbeidh siad go hiomlán inniúil agus ar fáil chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a dhéanamh, nó mura mbeadh sé ar a gcumas iad a dhéanamh.

Níor chóir d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a dhéanamh sa phróiseas earcaíochta:

- faisnéis bhréagach a thabhairt go feasach nó gan smaoineamh;
- stocaireacht a dhéanamh ar dhuine ar bith le nó gan iad a mhealladh;
- cur isteach ar an bpróiseas nó baint de ar bhealach ar bith;
- an t-agallamh nó aon chomhrá aiseolais a thaifeadadh

I gcás iarrthóirí go bhfaightear go bhfuil aon ní thuas sáraithe acu, dícháileofar ón bhfeachtas iad agus féadfar aon tairiscint fostaíochta a chúlghairm/a fhoirceannadh.
Níor chóir do thríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon chéim den phróiseas.
Tá sé tábhachtach cuimhneamh gur próiseas iomaíoch é seo le haghaidh ról ina bhfuil an t-ionracas fíorthábhachtach. Dá roinnfí aon fhaisnéis mar gheall ar an bpróiseas roghnúcháin, e.g. trí na meáin shóisialta nó trí mhodhanna eile, d'fhéadfaí go ndícháileofaí ón gcomórtas thú.

## Aiseolas

Tá aiseolas maidir leis an bpróiseas roghnúcháin ar fáil ar iarratas. Má chuirtear gearrliostú i bhfeidhm féadfaidh iarratasóirí nach n-éiríonn leo céim an agallaimh a bhaint amach a mbileog scórála a iarraidh. Bíonn aiseolas ar fáil tar éis chéim an agallaimh, is é sin an bhileog scórála inniúlachta agus an tráchtaireacht achoimre (scríofa). Níl aon amfhráma sonrach socraithe chun aiseolas a sholáthar.

### Stocaireacht

Tá cosc ar stocaireacht agus dícháileofaí ón gcomórtas thú mar thoradh uirthi.

### Nósanna imeachta athbhreithnithe don iarrthóir maidir leis an bpróiseas roghnúcháin

Féadfaidh iarrthóir iarratas ar athbhreithniú neamhfhoirmiúil/gearán a dhéanamh i ndáil leis an gcaoi a ndearnadh cinneadh agus/nó gur cuireadh an próiseas roghnúcháin i gcrích ag ionadaí ar an nGníomhaireacht. I gcás go n-iarrann siad athbhreithniú/gearán neamhfhoirmiúil, ní mór don iarrthóir cuntas soiléir a thabhairt ar na fáthanna go gcreideann siad go raibh an próiseas roghnúcháin éagothrom maidir leo féin. Más amhlaidh, tar éis an phróisis neamhfhoirmiúil, nach bhfuil iarrthóir sásta leis an toradh, féadann siad próiseas foirmiúil athbhreithnithe a iarraidh.

### Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil

Ní mór iarratas ar athbhreithniú neamhfhoirmiúil ag céim an ghearrliostaithe sa phróiseas a dhéanamh laistigh de dhá lá ó fhógra a fháil ar an gcinneadh. Ní mór an t-iarratas sin a sheoladh trí ríomhphost chuig recruitment@epa.ie. Tar éis iarratas a fháil, ceapfar athbhreithneoir neamhfhoirmiúil. Is é ról an athbhreithneora neamhfhoirmiúil ná cinneadh cibé acu, dar leo féin, go ndearnadh an cinneadh tosaigh go cuí, ar bhonn na faisnéise cirte agus ar aon dul le nós imeachta taifeadta.

Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá ar fáil socróidh an t-athbhreithneoir cibé acu, dar leo, gur cheart seasamh leis an gcinneadh tosaigh.

I gcomhréir leis an dea-chleachtas, ní hé ról an athbhreithneora neamhfhoirmiúla an t-iarrthóir a athmheasúnú nó a athmharcáil, ach seachas sin a shocrú, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, cibé acu, dar leo:

- Gur cloíodh i gceart leis na nósanna imeachta atá leagtha amach don phróiseas roghnúcháin
- Go ndearnadh an cinneadh tosaigh ar bhonn faisnéise cirte agus iomláine
- Go ndearnadh an cinneadh tosaigh go cuí.

Mura bhfuil an t-iarrthóir sásta le toradh an phróisis neamhfhoirmiúil, is féidir leo athbhreithniú foirmiúil a iarraidh. Ní mór don iarrthóir an próiseas foirmiúil a ghairm laistigh de dhá lá oibre ó fhógra a fháil ar thoradh an phróisis neamhfhoirmiúil.

### Athbhreithniú Foirmiúil ar an bPróiseas Roghnúcháin

Ní mór iarratas ar athbhreithniú foirmiúil a sheoladh trí ríomhphost chuig recruitment@epa.ie. Agus iarratas á dhéanamh ar athbhreithniú foirmiúil, ní mór d’iarratasóir tacú lena n-iarratas trí chuntas a thabhairt ar na fíricí a léiríonn dar leo nárbh ceart an gníomh a glacadh, nó an cinneadh a rinneadh. D’fhéadfaí iarratas ar athbhreithniú a dhiúltú mura féidir le hiarrthóir tacú lena n-iarratas.

Ceapfaidh an t-aonad beirt athbhreithneoirí neamhfhoirmiúla. Daoine neamhspleácha a bheidh iontu a mbeidh tuiscint acu ar an bpróiseas earcaíochta agus roghnúcháin. Is éard a bheidh i gceist leis an athbhreithniú foirmiúil ná iniúchadh níos cuimsithí ar an bhfaisnéis ábhartha go léir atá ar fáil.

Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha go léir eiseoidh na hathbhreithneoirí cinneadh faoin athbhreithniú foirmiúil. Cinnfidh na hathbhreithneoirí cibé acu an ndearnadh an cinneadh tosaigh ar bhonn faisnéise cirte agus ar cloíodh leis an nós imeachta taifeadta. Tabharfar fógra don iarrthóir faoin toradh laistigh de dhá lá oibre nó laistigh de 5 lá i gcás go mbaineann an cinneadh le cinneadh maidir le gearrliostú.

I gcomhréir le dea-chleachtas, ní hé ról an athbhreithneora neamhfhoirmiúla an t-iarrthóir a athmheasúnú nó a athmharcáil. Is é ról an athbhreithneora ná a shocrú, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, cibé acu dar leis:

- Gur cloíodh i gceart leis na nósanna imeachta atá leagtha amach don phróiseas roghnúcháin
- Go ndearnadh an cinneadh tosaigh ar bhonn faisnéise cirte agus iomláine
- Go ndearnadh an cinneadh tosaigh go cuí